AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.4.2022
COM(2022) 186 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle na hEagraíochta Domhanda Custaim i ndáil le dréachtleasú ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste um an gCóras Comhchuibhithe (CC) a ghlacadh

IARSCRÍBHINN

Leasuithe ar Riail Nós Imeachta 19

An tríú mír	Glacfar cinntí a bhaineann le leasuithe ar an gCoinbhinsiún le tromlach nach lú ná dhá thrian de na vótaí arna gcaitheamh ag Baill an Choiste. Má tá dhá rogha nó níos mó ann maidir leis an leasú, áfach, glacfaidh an Coiste ar dtús le nós imeachta vótála céimnithe, mar atá leagtha amach thíos faoi na nósanna imeachta um vótáil trí thromlach simplí, chun na roghanna a laghdú go rogha amháin. Nuair atá rogha amháin ann maidir leis an leasú, dhéanfaí vótáil chríochnaitheach ansin i dtaobh cé acu a ghlacfar nó nach nglacfar leis an leasú faoi riail an tromlaigh dhá thrian.
An ceathrú mír	Glacfar cinntí eile le tromlach simplí (níos mó ná 50 %) de na vótaí arna gcaitheamh ag Baill an Choiste. Má tá níos mó ná dhá rogha ann agus mura bhfuil níos mó ná 50 % de na vótaí arna gcaitheamh ag na Ballstáit caite i leith ceann de na roghanna sin, cuirfear vótáil trí thromlach simplí i bhfeidhm le cleachtas vótála céimnithe lena laghdaítear an méid roghanna tríd an rogha a bhfuil an méid is lú vótaí caite ina leith a bhaint amach go dtí go mbeidh níos mó ná 50 % de na vótaí arna gcaitheamh ag na Ballstáit faighte ag an rogha a bhfuil an méid is mó vótaí caite ina leith.

Leasuithe ar Riail Nós Imeachta 20

Ní fhéadfar fógraí a chur chuig an Ard-Rúnaí chun aon ábhar a chur faoi bhráid na Comhairle nó an Choiste le hathscrúdú a dhéanamh orthu de bhun mhír 2 d'Airteagal 8 den Choinbhinsiún agus de bhun Chinneadh Uimh. 298 ón gComhairle roimh an lá tar éis dhúnadh sheisiún an Choiste, ach is gá iad a chur isteach faoi dheireadh an dara mí tar éis na míosa ar dúnadh an seisiún lena linn. Measfar fógra a bheith déanta laistigh den tréimhse má fhaigheann an tArd-Rúnaí é faoi 24:00 (am na Bruiséile) lá deireanach na tréimhse.

De bhun Chinneadh Uimh. 298 ón gComhairle, féadfaidh an tArd-Rúnaí ábhair a eascraíonn as mír 2 d'Airteagal 8 den Choinbhinsiún a chur díreach ar ais chuig an gCoiste arna iarraidh sin do Pháirtí Conarthach, ar choinníoll go ndéanfar an iarraidh laistigh den tréimhse a shonraítear sa mhír roimhe seo. Cuirfidh an tArd-Rúnaí an t-ábhar ar Chlár Oibre an chéad seisiúin eile a bheidh ag an gCoiste le hathscrúdú a dhéanamh air.

Má fhaightear iarrataí a bhaineann leis an ábhar céanna ó Pháirtithe Conarthacha éagsúla lena gcur faoi bhráid na Comhairle agus an Choiste, nó mura sonróidh Páirtí Conarthach ar cheart an t-ábhar a chur faoi bhráid na Comhairle nó díreach chuig an gCoiste, cuirfear an t-ábhar faoi bhráid na Comhairle. Cuirfidh an tArd-Rúnaí na Páirtithe Conarthacha uile ar an eolas nuair a gheofar iarraidh ar ábhar a chur faoi bhráid na Comhairle nó an Choiste.

Féadfaidh Páirtí Conarthach a chuireann iarraidh isteach ar ábhar a chur faoi bhráid na Comhairle nó an Choiste an iarraidh sin a aistarraingt tráth ar bith sula ndéanfaidh an Chomhairle scrúdú air nó sula ndéanfaidh an Coiste athscrúdú air. Déanfaidh an Coiste ábhar a scrúdú más é an Chomhairle a chuir faoina bhráid é. I gcás ina ndéanann Páirtí Conarthach iarraidh a aistarraingt, measfar go bhfuil cinneadh bunaidh an Choiste formheasta, mura bhfuil iarraidh ó Pháirtí Conarthach eile a bhaineann leis an ábhar céanna ar feitheamh. Cuirfidh an tArd-Rúnaí na Páirtithe Conarthacha ar an eolas má aistarraingítear iarraidh ar bith.

I gcás ina gcuirtear aon ábhar ina iomláine nó i bpáirt faoi bhráid an Choiste le hathscrúdú a dhéanamh air, de bhun fhorálacha mhír 3 d'Airteagal 8 den Choinbhinsiún agus de bhun Chinneadh Uimh. 298 ón gComhairle, an Páirtí Conarthach arna iarraidh dó athscrúdú a dhéanamh ar an ábhar, cuirfidh sé nóta faoi bhráid an Ard-Rúnaí ina leagfar amach na cúiseanna atá aige leis an athscrúdú a iarraidh, mar aon lena chuid moltaí chun an t-ábhar a réiteach, tráth nach lú ná 60 lá roimh lá oscailte an chéad seisiúin eile de chuid an Choiste. Scaipfidh an tArd-Rúnaí an nóta seo ar na Páirtithe Conarthacha eile.